dlr Comhairle Contae County Council

# Treoir do chur crann


## cur i bPoll (ag réiteach poill do gach crann)

1. Gearr achar ar a laghad 30cm x 30cm d'fhód agus bain amach an fód.
2. Bain amach go leor ithreach le go mbeidh an poll sách domhain chun na glacadh leis na fréamhacha ar fad.
   *(Leid - má chuireann tú an ithir ar bhrat plaisteach beidh sé níos easca í a chur ar ais nuair a bheidh an phlandáil déanta).*
3. Bris taobhanna agus tóin an phoill; ansin ní bheidh na fréamhacha 'srianta ag an bpota'.












4. Cuir an fód ar thóin an phoill agus bris suas é le láí.
5. Cuir an crann sa pholl, ag déanamh cinnte go bhfuil coiléar na bhfréamhacha ar leibhéal na talún agus go bhfuil an crann díreach. Líon an poll arís leis an gcréafóg a tógadh amach roimhe sin.
6. Brú síos an ithir le do sháil.







*Leid – Marcáil an áit ina bhfuil gach crann le cur sula gcuirtear é. Cinnteoidh seo nach mbeidh na crainn curtha ró-ghar dá chéile ná ró fhada óna chéile.*


dlr
Comhairle Contae County Council

# Treoir do chur crann

## Eangchur – feiliúnach do chur fuipeanna ar scála mór


Sainmhínítear fuip mar shíológ óg crainn gan aon ghéaga agus é thart ar 0.5 – 1.0m ar airde.

1. Úsáid láí nó matóg chun eang a ghearradh a bheidh 15cm ar dhoimhneacht. Gearr eang eile le go mbeidh cruth ‘T’ air (féach léaráid).
2. Úsáid an láí chun an fód a oscailt suas ag barr agus íochtar na chéad eanga (féach léaráid).
3. Cuir fréamhacha an chrainn isteach san eang agus scar amach na fréamhacha. Déan cinnte go bhfuil coiléar na bhfréamhacha ar leibhéal na talún











4. Tóg as an láí agus daingnigh an fód ar ais ina áit féin ag déanamh cinnte go bhfuil coiléar fréamhacha an chrainn ar leibhéal na talún.
5. Seiceáil go bhfuil an crann leibhéal agus nach bhfuil aon fhréamhacha le feiceáil.





*Leid – Marcáil an áit ina bhfuil gach crann le cur sula gcuirtear é. Cinnteoidh seo nach mbeidh na crainn curtha ró ghar dá chéile ná ró fhada óna chéile.*

# Cúram Crann

Caithfear crainn fhréamhloma a chosaint ó shioc agus ó thriomú amach. Is féidir crainn a stóráil i málaí plaisteacha ar feadh roinnt laethanta sula gcuirtear iad (chomh fada is go gcoinnítear na fréamhacha tais). Is leor 10 nóiméad faoin aer ar lá gaofar chun fréamhacha a thriomú amach agus a mharú.

Cosain crainn le foscadáin/sciatha in aghaidh vól, coiníní agus fia má tá an chosúlacht air go mbeadh siad sin ag cruthú deacrachtaí.



Bain fiailí timpeall ar an gcrann le hiomaíochas acmhainní a laghdú. Is féidir sraith trom móta a chur síos chun baint fiailí de láimh a laghdú.

